2024/925

25.4.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 207/2023**

**an 22 Meán Fómhair 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/925]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/443 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1151 a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta um chineálcheadú astaíochtaí le haghaidh feithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 45zzv (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32023 R 0443**: Rialachán (AE) 2023/443 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 (IO L 66, 2.3.2023, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1, sa naoú fomhír de mhír 11 d'Airteagal 5, míreanna 5 agus 7 d'Airteagal 9, pointe 7.10. de Chuid 7 d'Iarscríbhinn II, pointí 7.7.2.2. agus 7.7.2.3. de Chuid 7 d'Iarscríbhinn IIIA agus an chéad fhomhír de phointe 1.1.2. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XI, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le monaróirí atá bunaithe i Stáit CSTE' isteach i ndiaidh na bhfocal 'an Coimisiún'.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2023/443 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 23 Meán Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 49/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 66, 2.3.2023, lch. 1.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L 182, 7.7.2022, lch. 19.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Pascal SCHAFHAUSER